Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2017
(OR. en)

12430/17

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0232 (COD)**

**EF 201
ECOFIN 738
SURE 37
CODEC 1435**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 538 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 538 final.

---

Faoi iamh: COM(2017) 538 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.9.2017
COM(2017) 538 final

2017/0232 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2017) 313 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Forais agus cuspóirí an togra

Tar éis na géarchéime airgeadais[1], chuir AE Córas Eorpach Maoirseoirí Airgeadais (CEMA) ar bun atá bunaithe ar chóras maoirseachta dhá cholún, mar atá maoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal agus ar an micrileibhéal.

Is é an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), a bunaíodh i Nollaig 2010, colún na stuamachta ar an macraileibhéal ag CEMA. Is ar BERS atá an cúram formhaoirseacht ar an macraileibhéal a dhéanamh ar an gcóras airgeadais in AE. Ar a chúraimí tá: (i) cuidiú a thabhairt rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais san Aontas a éiríonn as forbairtí laistigh den chóras airgeadais a chosc nó a mhaolú, agus forbairtí ar an macraleibhéal á gcur san áireamh, sa chaoi nach mbeidh tréimhsí cruacháis airgeadais fhorleathain ann. (ii) cuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh sa chaoi go n-áiritheofar rannchuidiú inbhuanaithe ón earnáil airgeadais i leith an fhoráis eacnamaíoch.

Tá réimse leathan comhaltaí in BERS amhail bainc cheannais náisiúnta, maoirseoirí agus institiúidí Eorpacha. Tá uirlisí sonracha aige, amhail moltaí agus rabhaidh, chun beartais stuamachta ar an macraileibhéal a mhúnlú in AE. Cumhdaíonn sainordú BERS an córas uile, rud a bhfuil an-tábhacht leis ó thaobh monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus ábhair iarmharta trasearnála agus trasteorann agus laghdaíonn an ról comhordúcháin aige an riosca go mbeidh fadhb tógálach. Lena chois sin, trí aithint bearta stuamachta ar an macraileibhéal a éascú, áirithíonn BERS go laghdaítear an sileadh trasteorann agus an t-arbatráiste rialála. De thoradh air sin, tá éifeacht dhíreach ag BERS ar an éifeachtacht atá le bearta stuamachta ar an macraileibhéal thíortha AE agus, dá bharr sin, ar chobhsaíocht airgeadais AE. Sa chomhthéacs sin, táthar ag súil go mbeidh beartais stuamachta ar an macraileibhéal níos éifeachtaí nuair a fheabhsófar feidhmiú BERS.

Ó cruthaíodh é rinne BERS:

- moltaí agus rabhaidh a eisiúint chuig réimse leathan seolaithe;
- obair ar an bhforbairt atá ar bun ar chreat stuamachta AE ar an macraileibhéal;
- úsáid rathúil a bhaint as acmhainní agus saineolas ón réimse leathan comhaltaí atá ann agus ón ionchur neamhspleách acadúil ón gCoiste Comhairleach Eolaíoch;
- ról tábhachtach a imirt i gcomhordú agus measúnú fógraí i leith bearta stuamachta ar an macraileibhéal in AE.

Is léiriú ar a thábhachtaí atá BERS an obair atá déanta aige mar ardán comhordúcháin agus mar mhol faisnéise, i leith monatóireacht a dhéanamh ar an riosca ó thaobh AE ina iomláine de agus treoracha a leagan síos maidir le húsáid ionstraimí stuamachta ar an macraileibhéal.

Os a choinne sin, de bharr na n-athruithe institiúideacha a rinneadh le déanaí maidir leis an Aontas Baincéireachta agus na n-iarrachtaí a rinneadh Aontas Margaí Caipitil a thógáil, is mór idir an comhthéacs inar cuireadh BERS ar bun agus an comhthéacs ina mbíonn sé ag

[1] Moladh i dtuarascáil Larosière (cuireadh an tuarascáil deiridh i láthair an 25 Feabhra 2009) go mbunófaí Aontas chun formhaoirseacht a dhéanamh ar riosca sa chóras airgeadais ar an iomlán.

oibriú. Tá impleachtaí aige sin i leith chomhdhéanamh BERS agus na caoi a bhfuil sé eagraithe, go príomha. Tá gá le feabhsuithe ar chomhdhéanamh BERS agus ar an gcaoi a n-oibríonn sé i gcomhar le hinstitiúidí Eorpacha chun na hathruithe carnacha ar an gcreat stuamachta ar an macraileibhéal agus na tuilte d'fhorbairtí rialála a rinneadh ó bunaíodh é a chur san áireamh.

Sa bhreis air sin, tá gá le hathruithe chun a áirithiú gur féidir le BERS formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal a dhéanamh de réir mar a rachaidh tábhacht an mhaoinithe mhargadh-bhunaithe i méid, go háirithe mar gheall ar bhunú Aontas na Margaí Caipitil

Má neartaítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht BERS, tiocfaidh feabhas ar chomhordú beartas stuamachta ar an macraileibhéal agus féadfaidh BERS a shainordú a chomhlíonadh níos fearr. Tá tuilleadh míniúcháin ar an togra san anailís ar éifeachtaí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ba cheart an togra seo a chur i gcomhthéacs an athbreithnithe ar na Gníomhaireachtaí Maoirseachta Eorpacha atá ar siúl faoi láthair. Is iad BERS agus na Gníomhaireachtaí Maoirseachta Eorpacha colúin stuamachta CEMA ar an macraileibhéal agus ar an micrileibhéal.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Chomh maith leis sin, tá Athbhreithniú BERS á dhéanamh i gcomhthéacs in bhfuiltear ag tógáil Aontas Baincéireachta agus Aontas na Margaí Caipitil. Chun doimhniú agus comhtháthú breise a dhéanamh ar mhargaí caipitil AE, is gá coigeartú a dhéanamh dá réir ar an gcreat formhaoirseachta le haghaidh rioscaí sistéamacha.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is ionann an bunús dlí atá ag na leasuithe atá beartaithe agus an bunús dlí atá le leasú ar an ngníomh reachtach, i.e. Airteagal 114 CFAE. Táthar ag comhlánú an Rialacháin lena mbunaítear BERS le Rialachán ón gComhairle a thugann de chúram don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) Rúnaíocht BERS a reáchtáil.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is comhlacht gan pearsantacht dhlíthiúil é BERS. Is air atá an cúram maoirseacht ar an macraileibhéal a dhéanamh ar an gcóras airgeadais in AE. Is féidir na haidhmeanna, mar atá BERS a dhéanamh níos éifeachtúla agus comhordú stuamachta ar an macraileibhéal a dhaingniú in AE, a bhaint amach tríd an reachtaíocht de chuid AE atá ann cheana a fhorlíonadh; is ionann sin agus a rá gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal AE ná le tionscnaimh náisiúnta éagsúla. Ar a bharr sin, ó chuireann BERS go mór le cómhalartú beart stuamachta ar an macraileibhéal, cuidíonn sé le húdaráis náisiúnta dul i ngleic le rioscaí sistéamacha a thagann chun cinn ar an leibhéal náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Leasaítear Rialachán atá ann cheana leis an togra seo. Tá na hathruithe spriocdhírithe agus is é is aidhm leo forálacha atá ann cheana a shoiléiriú nó a dhaingniú agus, dá bhrí sin, tá siad comhréireach leis na fadhbanna a sainaithníodh. Fágfar fostruchtúr BERS gan athrú den chuid is mó.

- **An rogha ionstraime**

Leasú ar Rialachán atá ann cheana

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Mar atá leagtha síos i Rialachán BERS, rinne an Coimisiúin athbhreithniú chun a chinneadh ar ghá misean agus eagrúchán BERS a thabhairt cothrom le dáta. Rinneadh an chéad athbhreithniú ar Rialachán BERS in 2014.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar an gcreat stuamachta ar an macraileibhéal agus éisteacht phoiblí sa dara leath de 2016. Mheas na geallsealbhóirí, den chuid is mó, go raibh sainordú agus cúraimí BERS iomchuí i leith a áirithiú go mbeadh beartais stuamachta ar an macraileibhéal éifeachtúil éifeachtach, agus thug siad roinnt tacaíochta do choigeartú chleachtais oibre BERS chun é a dhéanamh níos éifeachtúla. Bhí formhór na bhfreagróirí i bhfách le hUachtarán BCE a choinneáil mar Chathaoirleach ar BERS. Mhol roinnt freagróirí go ndéanfaí ionadaíocht ar an Sásra Maoirseachta Aonair agus ar an mBord Réitigh Aonair i mBord Ginearálta BERS chun bunú an Aontais Baincéireachta a aithint, ach, dar leis an gcuid is mó acu, níor ghá athruithe leitheadacha a chur ar chomhdhéanamh an Bhoird. Bhí roinnt freagróirí a bhí i bhfách le Rúnaíocht BERS a dhaingniú agus ról BERS a mhéadú i sruthlíniú na nósanna imeachta fógra ar leibhéal AE.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

n.b. – le comhairliúchán le geallsealbhóirí agus éisteacht phoiblí, féach thuas

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Coimisiún anailís éifeachtaí ar na hathruithe ar Rialachán BERS atá beartaithe. Ní dhearnadh measúnú tionchair foirmiúil ós rud é gur athruithe spriocdhírithe na hathruithe atáthar a thabhairt isteach leis an togra reachtach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

[n.b.]

- **Cearta bunúsacha**

[n.b.]

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é BCE a iompraíonn costas Rúnaíocht BERS agus níl aon tionchar díreach ag an gcostas sin ar bhuiséad AE.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Athbhreithneofar an Rialachán i gceann 5 bliana.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

[n.b.]

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cathaoirleach

De réir mar atá faoi láthair, is é Uachtarán BCE atá ina chathaoirleach ar BERS. Agus é ag gníomhú mar Chathaoirleach, tugann Uachtarán BCE údarás agus creidiúnacht do BERS agus áirithíonn sé gur féidir le BERS tógáil go héifeachtach ar bhonn shaineolas BCE i réimse na cobhsaíochta airgeadais agus bheith ag brath air. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go mbeidh Uachtarán BCE ina chathaoirleach ar BERS ar bhonn buan.

Rúnaíocht BERS

Ó nach bhfuil aon chomhaltaí lánaimseartha ar Bhord Ginearálta BERS, agus ciallaíonn sin nach bhfuil aon Chathaoirleach buan ná aon Leas-Chathaoirligh bhuana ann, níl aon chomhalta ann ar féidir leis a chuid ama uile a chaitheamh ar chúrsaí agus dualgais a bhaineann le BERS. Sa bhreis air sin, is beag cúram oifigiúil atá ag Ceann Rúnaíocht BERS. Is féidir gur lú feiceálacht obair BERS dá dheasca sin, cé go nglacann Cathaoirleach BERS páirt go minic in éisteachtaí Parlaiminte. Dá mbeadh ról ní ba mhó ag Ceann Rúnaíocht BERS, ba mhó an tionchar agus an éifeachtacht a bheadh ag rabhaidh agus moltaí uaidh.

Is é atá molta anseo go dtabharfaí isteach nós imeachta comhairliúcháin ina measúnódh an Bord Ginearálta na hiarrthóirí a chuir BCE chun tosaigh le haghaidh phost Cheann Rúnaíocht BERS, go háirithe ar na cáilíochtaí agus an taithí is gá chun an Rúnaíocht a bhainistiú. Chuirfí an Pharlaimint agus an Chomhairle ar an eolas faoin nós imeachta sin. Choimeádfaí sa chaoi sin an nasc le BCE agus cuntasacht cheann na Rúnaíochta i leith an Bhoird Ghinearálta. Bheadh an próiseas ní ba thrédhearcaí freisin, agus b'airde próifíl cheann na Rúnaíochta. Tá sé beartaithe go sonrófaí a thuilleadh cé na cúraimí a thabharfaí do cheann na Rúnaíochta, lena n-áirítear an deis a bheith ag an gCathaoirleach an cúram ionadaíocht sheachtrach a dhéanamh ar an gCathaoirleach a tharmligean le ceann na Rúnaíochta.

Comhdhéanamh BERS

Tá an togra le nuashonrú a dhéanamh ar Rialachán BERS chun cruthú an Aontais Baincéireachta a chur san áireamh agus chun an Sásra Maoirseachta Aonair agus an Bord Réitigh Aonair a thabhairt isteach mar chomhaltaí de Bhord Ginearálta BERS a bhfuil cearta vótála acu. Ba cheart coigeartuithe ar an dul céanna a dhéanamh ar an gCoiste Comhairleach Teicniúil agus ar an gCoiste Stiúrtha.

Seolaithe i leith rabhaidh agus moltaí ó BERS

Tá sé beartaithe freisin go mbeadh BCE ina sheolaí féideartha i leith rabhaidh agus moltaí ó BERS maidir le cúraimí BCE a thug Rialachán an tSásra Maoirseachta Aonair (Rialachán (CE) 1024/2013) dó, i.e. cúraimí maoirseachta nach mbaineann le beartais airgeadaíochta a

fheidhmiú. Rachfaí in ngleic sa chaoi sin leis an aisiméadracht atá ann faoi láthair, mar gur féidir le húdaráis náisiúnta na rabhaidh agus na moltaí sin a fháil ina gcáil mar chomhaltaí den Bhord Ginearálta, ach nach gcuirtear iad chuig BCE mar an t-údarás inniúil nó ainmnithe ar leibhéal an Aontais Baincéireachta.

Rialáil Níos Fearr

I gcomhréir le prionsabail na Rialála Níos Fearr agus nuair is iomchuí, táthar ag súil go rachaidh coistí comhairleacha BERS i gcomhairle le geallsealbhóirí amhail rannpháirtithe sa mhargadh, comhlachtaí tomhaltóirí agus saineolaithe i leith a thuairimí, a mholtaí agus a chinntí.

2017/0232 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010[3] (Rialachán BERS) rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar bhonn tuarascáil[4] ón gCoimisiún Rialachán BERS a scrúdú chun a chinneadh ar ghá misean agus eagrúchán BERS a athbhreithniú. Lena chois sin, rinneadh athbhreithniú ar na módúlachtaí maidir le hainmniú Chathaoirleach BERS.

(2) Is é an chonclúid ar thángthas air i dtuarascáil 2017 ón gCoimisiún faoi mhisean agus eagrú BERS[5] gur gá pointí áirithe a fheabhsú cé go bhfuil BERS ag feidhmiú go maith ar an iomlán.

(3) Is mór an buntáiste é go bhfuil réimse leathan comhaltaí arBhord Ginearála BERS. Os a choinne sin, níl ballraíocht an Bhoird Ghinearálta sin curtha in oiriúint do na hathruithe a cuireadh le déanaí ar chóras maoirseachta airgeadais ginearálta an Aontais, agus go háirithe cur ar bun Aontas Baincéireachta. Ar an ábhar sin, ba cheart Cathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE agus Cathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair a bheith ina gcomhaltaí de Bhord Ginearálta BERS agus cearta vótála a bheith acu. Ba

[2] IO C , , lch. .

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi mhisean agus eagrú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach, COM(2014) 508 final.

[5] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Anailís ar Éifeachtaí, Leasuithe ar Rialachán BERS, COM(2017).

cheart coigeartuithe den chineál céanna a dhéanamh ar an gCoiste Stiúrtha agus ar an gCoiste Comhairleach Teicniúil.

(4) Bhí Uachtarán BCE ina chathaoirleach ar BERS go ceann 5 bliana tar éis a bhunaithe agus lean sé ansin de bheith ina chathaoirleach ar BERS ar bhonn eatramhach. Le linn na tréimhse sin thug Uachtarán BCE údarás agus creidiúnacht do BERS agus d'áirithigh sé gurbh fhéidir le BERS tógáil go héifeachtach ar bhonn shaineolas BCE i réimse na cobhsaíochta airgeadais agus bheith ag brath air. Dá bhrí sin, is iomchuí Uachtarán BCE a bheith ina chathaoirleach ar BERS ar bhonn buan.

(5) Chun gur sofheicthe BERS mar chomhlacht nach ionann é agus a chomhaltaí aonair, ba cheart an chumhacht a bheith ag Cathaoirleach BERS cúraimí a tharmligean a bhaineann le hionadaíocht sheachtrach ar BERS os comhair Cheann Rúnaíocht BERS.

(6) Foráiltear le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh.1096/2010[6] ón gComhairle go bhfuil Ceann Rúnaíocht BERS le ceapadh ag BCE, i gcomhairle le Bord Ginearálta BERS. Chun próifíl Cheann Rúnaíocht BERS a mhéadú, ba cheart do Bhord Ginearálta BERS a mheasúnú, i nós imeachta oscailte trédhearcach, i dtaobh na n-iarrthóirí ar an ngearrliosta le haghaidh phost Cheann Rúnaíocht BERS, an bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí acu is gá chun Rúnaíocht BERS a bhainistiú. Ba cheart don Bhord Ginearálta Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoin nós imeachta. Ar a bharr sin, ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar chúraimí Cheann Rúnaíocht BERS.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, is iad comhaltaí Chomhairle Ghinearálta BCE a thoghann céad Leas-Chathaoirleach BERS go dtí seo, agus is astu sin a thoghtar é, ag féachaint don ghá atá le hionadaíocht chothromúil ar na Ballstáit san iomlán agus idir na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus iad siúd nach bhfuil an euro mar airgeadra acu. Tar éis chruthú an Aontais Baincéireachta, is iomchuí tagairt do na Ballstáit atá páirteach san Aontas Baincéireachta agus dóibh siúd nach bhfuil páirteach ann a chur in ionad na tagartha do na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus dóibh siúd nach bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(8) I bhfianaise na leasuithe ar an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)[7], agus go háirithe Rialachán (AE) Uimh.1092/2010 a bheith glactha ag Ballstáit LEE, níl Airteagal 9(5) den Rialachán sin ábhartha níos mó agus ba cheart, dá bhrí sin, é a scriosadh.

(9) Chun costais a laghdú agus éifeachtúlacht nós imeachta a mhéadú, ba cheart líon na n-ionadaithe ar an gCoimisiún i gCoiste Comhairleach Teicniúil BERS a laghdú ón dá ionadaí, mar atá faoi láthair, go hionadaí amháin.

(10) Tá sé leagtha síos in Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 nach mór rabhaidh agus moltaí ó BERS a tharchur chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus, má bhíonn siad dírithe chuig údarás maoirseachta náisiúnta amháin nó níos mó, chuig na hÚMEanna. Chun smacht daonlathach agus trédhearcacht a

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1096/2010 ón gComhairle an 17 Samhain 2010 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le feidhmiú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 162).

[7] Cinneadh Uimh. 198/2016 ó Chomhchoiste LEE an 30 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2017/275] (OJ L 46, 23.2.2017, lch. 1).

dhaingniú, ba cheart na rabhaidh agus na moltaí sin a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na hÚMEanna chomh maith

(11) Chun a áirithiú go mbeidh na tuairimí, moltaí agus cinntí ó BERS ar ardchaighdeán agus go mbeidh siad ábhartha, táthar ag súil go rachaidh an Coiste Comhairleach Teicniúil agus an Coiste Comhairleach Eolaíoch i gcomhairle le geallsealbhóirí, más iomchuí, go luath agus ar shlí oscailte thrédhearcach.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 2 a seo a leanas isteach:

"2a. Nuair a rachfar i gcomhairle leis faoi cheapadh Cheann Rúnaíocht BERS i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1096/2010* déanfaidh an Bord Ginearálta a mheasúnú, tar éis nós imeachta oscailte trédhearcach, i dtaobh na n-iarrthóirí ar an ngearrliosta le haghaidh phost Cheann Rúnaíocht BERS, an bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí acu is gá chun Rúnaíocht BERS a bhainistiú. Cuirfidh an Bord Ginearálta Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin nós imeachta.

* Rialachán (AE) Uimh. 1096/2010 ón gComhairle an 17 Samhain 2010 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le feidhmiú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 162).";

---

(b) cuirtear an mhír 3 a seo a leanas isteach:

"3 a. Agus é ag tabhairt treoracha do Cheann Rúnaíocht BERS i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1096/2010 ón gComhairle, féadfaidh Cathaoirleach BERS agus an Coiste Stiúrtha aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) bainistiú Rúnaíocht BERS ó lá go lá;

(b) aon cheisteanna riaracháin agus buiséid a bhaineann le Rúnaíocht BERS;

(c) comhordú agus ullmhú obair agus chinnteoireacht an Bhoird Ghinearálta;

(d) ullmhú thogra chlár bhliantúil BERS agus a chur chun feidhme;

(e) ullmhú na tuarascála bliantúla faoi ghníomhaíochtaí BERS agus an tuairiscithe chuig an mBord Ginearálta maidir lena cur chun feidhme";

(2) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Is é Uachtarán BCE a bheidh ina chathaoirleach ar BERS.

2. Déanfaidh comhaltaí Chomhairle Ghinearálta BCE an chéad Leas-Chathaoirleach a thoghadh as a gcomhaltaí féin le haghaidh téarma cúig bliana, ag féachaint don ghá le hionadaíocht chothromúil ar na Ballstáit ar an iomlán agus

idir na Ballstáit atá páirteach de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013** agus iad siúd nach bhfuil. Féadfar an chéad Leas-Chathaoirleach a atoghadh uair amháin.

---

** Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Déanfaidh an Cathaoirleach ionadaíocht sheachtrach ar BERS. Féadfaidh an Cathaoirleach cúraimí a tharmligean a bhaineann le hionadaíocht ar BERS os comhair Cheann Rúnaíocht BERS.";

(3) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear isteach na pointí (fa) agus (fb) seo a leanas:

"(fa) Cathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE;

(fb) Cathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair;";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

"(g) Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Eolaíoch;";

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) aon ionadaí ardleibhéil amháin in aghaidh an Bhallstáit ar na húdaráis inniúla náisiúnta nó ar na húdaráis náisiúnta atá ainmnithe chun bearta a chur chun feidhme a bhfuil sé d'aidhm acu dul i ngleic le riosca sistéamach nó riosca ar an macraileibhéal, i gcomhréir le mír 3;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I dtaca le hionadaíocht ar na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, déanfaidh na hionadaithe ardleibhéil i gceist uainíocht ag brath ar an ítim a bheidh á plé, mura rud é gur chomhaontaigh údaráis náisiúnta Ballstáit áirithe ar ionadaí coiteann.";

(4) in Airteagal 9, scriostar mír 5;

(5) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) ceithre chomhalta eile den Bhord Ginearálta atá ina gcomhaltaí de Chomhairle Ghinearálta BCE freisin, ag féachaint don ghá le hionadaíocht chothromúil ar na Ballstáit ar an iomlán agus idir na Ballstáit atá páirteach de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus iad siúd nach bhfuil. Is iad comhaltaí an Bhoird Ghinearálta atá ina gcomhaltaí de Chomhairle Ginearálta BCE freisin a thoghfaidh na comhaltaí sin as a gcomhaltaí féin, le haghaidh tréimhse trí bliana;";

(ii) cuirtear isteach na pointí (ga) agus (gb) seo a leanas:

"(ga) Cathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE

(gb) Cathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair;";

(6) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. I gcás inarb iomchuí, eagróidh an Coiste Comhairleach Eolaíoch comhairliúcháin le geallsealbhóirí go luath agus ar shlí oscailte thrédhearcach agus aird á tabhairt ar cheanglas na rúndachta.";

(7) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) ionadaí ar an gCoimisiún;";

(ii) cuirtear isteach na pointí (fa) agus (fb) seo a leanas:

"(fa) ionadaí ar Bhord Maoirseachta BCE

(fb) ionadaí ar an mBord Réitigh Aonair;";

(b) cuirtear an mhír 4 a seo a leanas isteach:

"4 a. I gcás inarb iomchuí, eagróidh an Coiste Comhairleach Teicniúil comhairliúcháin le geallsealbhóirí go luath agus ar shlí oscailte thrédhearcach agus aird á tabhairt ar cheanglas na rúndachta.";

(8) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Maidir le rabhaidh nó moltaí arna n-eisiúint ag BERS i gcomhréir le pointe (c) agus le pointe (d) d'Airteagal 3(2), féadfaidh siad a bheith de chineál ginearálta nó de chineál sonrach agus díreofar iad, go háirithe, chuig an Aontas nó chuig Ballstát amháin nó níos mó, nó chuig ÚME amháin nó níos mó, nó chuig údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó nó chuig BCE i gcás na gcúraimí a tugadh do BCE i gcomhréir le hAirteagal 4(1), Airteagal 4(2) agus Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. An tráth chéanna a dhéanfar na rabhaidh agus na moltaí a tharchur chuig na seolaithe i gcomhréir le mír 2, déanfar iad a tharchur freisin, i gcomhréir le rialacha dochta rúndachta, chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gCoimisiún agus chuig na hÚMEanna.";

(9) in Airteagal 17 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Más rud é gur díríodh moladh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 3(2) chuig an gCoimisiún, chuig Ballstát amháin nó níos mó, chuig Údarás Maoirseachta Eorpach amháin nó níos mó, nó chuig údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó, déanfaidh na seolaithe na gníomhaíochtaí, a rinne siad mar fhreagairt ar na moltaí, a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do BERS agus tabharfaidh siad bunús le haon ghníomhaíocht a dhéanfaidh

siad. I gcás inarb ábhartha, déanfaidh BERS, faoi réir rialacha dochta rúndachta, na freagraí a fuair sé a chur in iúl do na hÚMEanna gan mhoill.”;

2. Má chinneann BERS nár gníomhaíodh de réir a mholta nó gur mhainnigh an seolaí nó na seolaithe cosaint leordhóthanach a thabhairt i leith na neamhghníomhaíochta, déanfaidh sé, faoi réir rialacha dochta rúndachta, an méid sin a chur in iúl do na seolaithe, do Parlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do na hÚMEanna lena mbaineann.

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

Tráth nach luaithe ná cúig bliana tar éis an [IO, cuirtear isteach an dáta teacht i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthátail chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa.”

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an […] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |